
# 1 Toradh Airgeadais an Státchiste, 2016

**1.1** Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach i bPríomhchiste an Státchiste mura socraítear a mhalairt de réir dlí.[1] Áirítear le fáltais an Phríomhchiste ioncam ó cháin agus fáltais ó iasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón bPríomhchiste chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú agus chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta.

**1.2** Sna Cuntais Airgeadais bhliantúla, cuirtear i láthair na fáltais isteach sa Phríomhchiste agus na heisiúintí amach as, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaí GBCN agus faisnéis ar dhliteanais agus ar shócmhainní áirithe an Stáit. Sa tuarascáil seo, déantar achoimre ar na hidirbhearta ar an bPríomhchiste agus leagtar béim inti ar roinnt príomhthreochtaí. Ós rud é nach gcuimsítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, leagtar amach freisin an staid achomair i ndáil le príomhshócmhainní agus príomhdhliteanais ag deireadh na bliana.

**1.3** Gan gluaiseachtaí a bhain le hiasachtaí a chur san áireamh, leagtar amach i bhFíor 1.1 an ghluaiseacht i bhfáltais agus in eisiúintí an Phríomhchiste sa tréimhse idir 2003 agus 2016.

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Phríomhchiste, 2003 go 2016.**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2003 go 2016

1 Áirítear le samplaí d'ioncam an Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomhchiste fáltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa a n-íoctar iad sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus fáltais ó mhótarcháin a n-íoctar iad isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

## Iarmhéid an Státchiste


**1.4** Is éard is Iarmhéid an Státchiste ann ná staid barrachais nó easnaimh an Phríomhchiste, .i. an barrachas nó an t-easnamh tar éis eisiúintí ón bPríomhchiste a dhealú óna fháltais. Ba é €1 bhilliún easnamh an Státchiste in 2016. Ba é €64 milliún an t-easnamh in 2015.

**1.5** Beart níos leithne ná iarmhéid an Státchiste is ea an t-iarmhéid ginearálta rialtais. Úsáidtear chun críche monatóireacht fhioscach é faoi Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais Eorpaigh, .i. na rialacha ar dá réir a gcaithfidh ballstát an Aontais Eorpaigh a gcúrsaí airgeadais phoiblí a bhainistiú.

**1.6** Is éard is an t-iarmhéid ginearálta rialtais ann ná tomhas caighdeánach feidhmíochta fioscaí ar an earnáil rialtais go ginearálta, .i. rialtas láir, údaráis áitiúla, comhlachtaí Státurraithe neamhthráchtála, agus cistí, amhail an Ciste Árachais Shóisialaigh, a mbainistíonn comhlachtaí rialtais iad. Níl comhlachtaí Státurraithe tráchtála san áireamh ann.

**1.7** Léirítear i bhFíor 1.2 iarmhéid an Státchiste le himeacht na tréimhse ó 2003 go 2016, agus an t-iarmhéid ginearálta rialtais ó 2011 go 2016. Léirítear go bhfuil na bearta ag teacht lena chéile a bheag nó a mhór le himeacht na tréimhse sin, seachas i gcás na bliana 2015. Éascaíonn an chuid is mó den difríocht sa bhliain sin as an gcaoi a ndearnadh plé le hidirbhearta a bhain le bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais.

**Fíor 1.2 Iarmhéid an Státchiste, 2003 go 2016 agus an t-iarmhéid ginearálta rialtais, 2011 go 2016**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2003 go 2016; Ioncam agus Caiteachas an Rialtais, 2011 go 2016 (an Phríomh-Oifig Staidrimh, mí Iúil 2017).

## Fáltais agus eisiúintí an Phríomhchiste

**1.8** Leagtar amach i bhFíor 1.3 anailís ar fháltais agus eisiúintí an Phríomhchiste do na blianta 2012 go 2016.

### *Fáltais an Phríomhchiste*

**1.9** Ba é €55.1 billiún luach iomlán na bhfáltas a íocadh isteach sa Phríomhchiste in 2016. Ba laghdú €3.5 billiún (6%) é sin i gcomparáid le fáltais 2015. Tháinig laghdú suntasach ar na fáltais chaipitil de bharr gurbh idirbhearta aon uaire a bhain le bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais iad roinnt de na hidirbhearta in 2015.[1] Ina theannta sin, bhí luach na n-airleacan a aisíocadh i bhfad ní ba lú ná 2015 toisc gur tháinig laghdú ar an ngá le hairleacain sreabhaidh airgid don Chiste Árachais Shóisialaigh.

1 Féach Caibidil 3 le tuilleadh eolais a fháil faoi bhearta cobhsaithe don earnáil airgeadais.

**Fíor 1.3 Comhdhéanamh fháltais agus eisiúintí an Phríomhchiste, 2012 go 2016[a]**

| **Fáltais** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** | **2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | |
| Ioncam cánach | 36,646 | 37,806 | 41,282 | 45,601 | 47,864 |
| Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil | — | — | 520 | 481 | 318 |
| Ioncam barrachais an Bhainc Cheannais | 958 | 1,152 | 1,225 | 1,719 | 1,800 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 112 | 264 | 475 | 551 | 269 |
| Ioncam reatha eile | 1,695 | 1,260 | 746 | 765 | 717 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | |
| Iasachtaí/airleacain a aisíocadh[b] | 1,077 | 1,098 | 4,987 | 5,348 | 2,143 |
| Fáltais ó bhearta cobhsaithe don earnáil airgeadais | — | 2,311 | — | 3,682 | 1,871 |
| Díol ceadúnas d'fhóin phóca | 450 | 60 | — | — | — |
| Fáltais ó cheadúnas an Chrannchuir Náisiúnta | — | — | 405 | — | — |
| Diúscairt scairchaipiteal Aer Lingus | — | — | — | 335 | — |
| Fáltais chaipitil eile | 150 | 113 | 131 | 106 | 75 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **41,088** | **44,064** | **49,771** | **58,588** | **55,057** |
| | | | | | |
| **Eisiúintí** | | | | | |
| Eisiúintí do chaiteachas a vótáladh | 44,950 | 43,072 | 42,224 | 42,863 | 43,986 |
| Fónamh ar an bhfiachas náisiúnta | 5,823 | 7,459 | 7,579 | 7,107 | 6,845 |
| Ranníocaíocht le buiséad an AE | 1,393 | 1,726 | 1,685 | 1,952 | 2,023 |
| Coimisiún an Oireachtais | 105 | 101 | 101 | 106 | 114 |
| Iasachtaí/airleacain[b] | 1,485 | 1,444 | 4,875 | 5,111 | 2,320 |
| Bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais | 1,575 | 1,060 | 100 | 30 | 4 |
| Ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí d'Uisce Éireann | — | — | 461 | 96 | 184 |
| Aistriú chuig an gCiste Rialtais Áitiúil (Cáin Mhaoine Áitiúil) | — | — | 484 | 461 | 463 |
| Ranníocaíocht chaipitiúil leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach | 510 | 510 | 255 | — | — |
| Íocaíocht a bhaineann le clár na margaí urrús | — | — | 31 | — | — |
| Íocaíochtaí i leith scéimeanna pinsin (alt 48(b) d'Acht na bPinsean, | — | — | — | 43 | 13 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | — | — | — | 335 | — |
| Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun iasachtaí ón HFA a aisíoc | — | — | — | 427 | — |
| Íocaíochtaí eile | 139 | 195 | 165 | 121 | 123 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **55,980** | **55,567** | **57,960** | **58,652** | **56,075** |
| | | | | | |
| **Easnamh don bhliain** | **14,892** | **11,503** | **8,189** | **64** | **1,018** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2012 go 2016

Nótaí:
a Déantar comhdhlúthú ar idirbhearta den Chuntas Státchiste agus den Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a dhéanann cothabháil ar an gcuntas deiridh sin chun fónamh a dhéanamh ar an bhfiachas náisiúnta agus ar idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta.

b Féach Iarscríbhinn 1A chun tuilleadh sonraí a fháil.

**1.10** Bhí an t-ioncam cánach iomlán in 2016 €2.3 billiún ní b'airde ná mar a bhí in 2015 agus tháinig méadú ar na fáltais i gcás an chuid is mó de na cineálacha éagsúla cánach. Bhain na méaduithe ba mhó le cáin ioncaim (méadú €810 milliún nó 4%), le cáin chorparáide (méadú €480 milliún nó 7%), le cáin bhreisluacha (méadú €476 milliún nó 4%) agus le cáin dleachta máil (méadú €420 milliún nó 8%).

### *Eisiúintí ón bPríomhchiste*

**1.11** Ba é €56.1 billiún luach iomlán na n-eisiúintí ón bPríomhchiste in 2016, méadú €2.6 billiún, nó 4%, i gcomparáid le 2015. Seo a leanas na gnéithe suntasacha

- tháinig méadú 3% ar eisiúintí i gcomhair seirbhísí vótáilte
- ba é €6.8 billiún méid na n-íocaíochtaí a bhain le fónamh ar iasachtaí a rinne an GBCN in 2016, 4% ní b'ísle ná 2015
- laghdú €2.8 billiún ar iasachtaí agus airleacain (mar a luaitear thuas).

### *Maoiniú Rialtais d'Uisce Éireann*

**1.12** In 2016, fuair Uisce Éireann €184 milliún mar ranníocaíocht chaipitil ón bPríomhchiste. Comhshódh iasacht caipitil oibre de luach €96 milliún, a d'eisigh an Príomhchiste in 2015, ina ranníocaíocht chaipitil i mí na Nollag 2016. Chuir an Príomhchiste iasachtaí, ranníocaíochtaí caipitil agus infheistíocht chothromais ar fáil d'Uisce Éireann san am atá thart. Fuair Uisce Éireann fóirdheontas ón gCiste Rialtais Áitiúil agus iasachtaí ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann freisin (féach **Fíor** 1.4).

**Fíor 1.4 Maoiniú Rialtais d'Uisce Éireann, 2013 go 2016**

| | 2013<br>€m | 2014<br>€m | 2015<br>€m | 2016<br>€m | Iomlán<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| **Deontais agus ranníocaíochtaí caipitil** | | | | | |
| Fóirdheontais ón gCiste Rialtais Áitiúil | — | 439 | 399 | 652 | 1,490 |
| An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | 1 | — | — | — | 1 |
| Ranníocaíochtaí caipitil an Phríomhchiste | — | 407 | — | 280[a] | 687 |
| Scairchaipitil a fuarthas in Uisce Éireann[b] | — | — | 54 | — | 54 |
| **Iomlán na ndeontas agus na ranníocaíochtaí caipitil** | **1** | **846** | **453** | **932** | **2,232** |
| **Iasachtaí** | | | | | |
| Iasacht in-chomhshóite ón bPríomhchiste[b] | — | 54 | (54) | — | — |
| Iasacht caipitil oibre an Phríomhchiste | — | — | 96 | (96) | — |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann[c] | 250 | 50 | — | — | 300 |
| **Iomlán na n-iasachtaí** | **250** | **104** | **42** | **(96)** | **300** |
| **Iomlán** | **251** | **950** | **495** | **836** | **2,532** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2013 go 2016; Cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil 2013 go 2016; An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Nótaí:
a Cuimsíonn €184 milliún a eisíodh ón bPríomhchiste in 2016 agus comhshó iasachta caipitil oibre de luach €96 milliún.
b Rinneadh ionstraim fiachais in-chomhshóite a d'eisigh Uisce Éireann in 2014 agus a bhí i seilbh an Aire Airgeadais a chomhshó ina hinfheistíocht chothromais in Uisce Éireann i Meán Fómhair 2015.
c Rinneadh an áis chomhiomlán €300 milliún a cuireadh ar fáil in 2013 agus 2014 a athmhaoiniú agus cuireadh áis nua €300 milliún ó CISÉ ina hionad i mí Mheán Fómhair 2015 (agus síneadh i mí Mheán Fómhair 2016 í). Chuir CISÉ áis €150 milliún ar fáil d'Uisce Éireann chomh maith ach ní raibh aon airgead tarraingthe as an áis sin amhail ag deireadh na bliana 2016.

### *Aistriú na Cánach Maoine Áitiúla*

**1.13** Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) agus a íocann leis an Státchiste í mar chuid de na fáltais ar ioncam cánach. Ó 2014, tá de cheangal ar an Aire Airgeadais suim a aistriú atá coibhéiseach leis an CMÁ arna íoc mar sin, lena n-áirítear aon ús arna íoc ag cáiníocóirí i rith na bliana, ón bPríomhchiste chuig an gCiste Rialtais Áitiúil. As na fáltais CMÁ a íocadh leis an Státchiste in 2016, íocadh €463 milliún leis an gCiste Rialtais Áitiúil.

### *Ranníocaíocht le buiséad an AE*

**1.14** Thug Éire €2 bhilliún do bhuiséad an AE in 2016, méadú 20% i gcomparáid le 2014. Is í an chuid is mó den tsuim a thugtar do bhuiséad an AE ná céatadán caighdeánach a ghearrtar ar gach ballstát de réir a Ollioncam Náisiúnta (OIN).

## Sócmhainní agus dliteanais an Státchiste

**1.15** Ní chuimsítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, d'ainneoin an méid suntasach sócmhainní agus dliteanas airgeadais atá ag an Státchiste. Tuairiscítear iasachtaí an Státchiste i gCaibidil 2, Fiachas an Rialtais.

### ***Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais***

**1.16** Laghdaigh méid an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais a bhí i seilbh an Státchiste ó €13.6 billiún ag deireadh 2015 go €11.1 billiún ag deireadh 2016 (féach Fíor 1.5). Is iad an t-easnamh €1 bhilliún agus na glan-aisíocaíochtaí fiachais €1.4 billiún a bhí taobh thiar den laghdú €2.4 billiún (18%) a tháinig ar an bhfigiúr sin.

**1.17** Ba é €8.4 billiún an t-iarmhéid a bhí i gcuntas an Státchiste sa Bhanc Ceannais ag deireadh 2016, méadú €421 milliún ar an iarmhéid ag deireadh 2015. Tháinig laghdú €1.6 billiún ar thaiscí an Státchiste i mbainc thráchtála le linn na bliana, rud a fhágann go bhfuil €199 milliún dá leithéid de thaiscí fágtha anois.

**Fíor 1.5 Gluaiseachtaí in airgead tirim agus iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2012 go 2016**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | **17,692** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,554** |
| Glaniasachtaí/(aisíocaíocht) an Státchiste sa bhliain[a] | 21,050 | 11,254 | (653) | (1,141) | (1,417) |
| Easnamh an Státchiste | (14,892) | (11,503) | (8,189) | (64) | (1,018) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,554** | **11,119** |

| Comhdhéanamh an airgid thirim agus na sócmhainní airgeadais amhail an 31 Nollaig | 2012<br>€m | 2013<br>€m | 2014<br>€m | 2015<br>€m | 2016<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|
| Cuntas státchiste an Bhanc Ceannais | 15,280 | 4,432 | 4,089 | 7,964 | 8,385 |
| Taiscí bainc tráchtála[b] | 3,020 | 11,068 | 5,540 | 1,779 | 199 |
| Billí státchiste neamh-Éireannacha | 1,045 | 3,041 | 1,474 | 1,184 | — |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha ón CBSÉ[c] | — | — | — | — | 85 |
| Iasachtaí leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 3,982 | 3,704 | 3,145 | 2,424 | 2,032 |
| Cistiúchán comhthaobhach | 523 | 1,356 | 511 | 203 | 418 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **23,850** | **23,601** | **14,759** | **13,554** | **11,119** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2012 go 2016

Nótaí:

a Níl san áireamh sna figiúirí a bhaineann le 2012 agus 2013 bannaí Rialtais de luach €3.5 billiún a eisíodh chun costas €3.06 billiún na híocaíochta nóta gealltanais leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc a sheasamh, ná bannaí ráta chomhlúthaigh beagnach os cionn €25 bhilliún a eisíodh in ionad nótaí gealltanais na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc.


b Tá san áireamh anseo taiscí comhthaobhaithe agus comhaontuithe athcheannaigh trí pháirtí.

c Cuireadh Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) ar bun de bhun Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann, 2014. Tá sé mar aidhm aici maoiniú solúbtha a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide in Éirinn ach éascaíocht a dhéanamh ar mhaoiniú ar chostas níos ísle agus ar tháirgí níos solúbtha. Is leis an Aire Airgeadais amháin scairchaipiteal eisithe CBSÉ.

### *Iasachtaí agus airleacain ón Státchiste*

**1.18** I measc na n-iasachtaí agus na n-airleacan a soláthraíodh ón bPríomhchiste agus a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2016, áirítear iasacht €2 bhilliún don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, i bhfoirm nótaí ráthaithe, agus iasachtaí eile de luach €2.1 billiún. Tá san áireamh san fhigiúr sin €85 milliún a cuireadh ar fáil i bhfoirm nótaí ráthaithe do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann in 2016. Léirítear i bh**Fíor** 1.6 na hiarmhéideanna gan íoc i gcás na mórchatagóirí iasachtaí agus airleacan ag deireadh na bliana. Lena chois sin, tá an Státchiste i dteideal go n-aisíocfaí na ranníocaíochtaí a rinneadh leis an gCiste Réitigh Institiúidí Creidmheasa in 2011 agus le Ciste na gComhar Creidmheasa in 2012 (tugadh €250 milliún do gach ciste).

**Fíor 1.6 Iarmhéideanna deireadh bliana i leith iasachtaí agus airleacan ón bPríomhchiste, 2012 go 2016**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2012 go 2016

**1.19** Cuireadh an Ciste Cúitimh Árachais ar bun chun leibhéal íosta cosanta a thabhairt do shealbhóirí polasaí sa chás go rachadh cuideachta árachais neamhshaoil faoi riarachán nó faoi leachtú. Fuair an Ciste breis is €900 milliún d'iasachtaí ón Státchiste. Faigheann sé isteach ranníocaíochtaí ó chuideachtaí árachais, arna ríomh mar chéatadán de chomhiomlán na n-ollphréimheanna.[1] Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a bhailíonn na ranníocaíochtaí. Ba é €706 milliún méid na n-iasachtaí ón Státchiste a bhí fós amuigh ag deireadh 2016.

### *Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar Státchabhair*

**1.20** Tar éis fiosrúchán ar cuireadh tús leis in 2014, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí Lúnasa 2016 a chinneadh deireanach ar dhá shocrú cánach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim maidir le brabús a chur i leith craobhacha de Ghrúpa Apple. Ba é chinneadh an Choimisiúin gur thug na socruithe sin buntáiste do chuideachtaí de chuid Ghrúpa Apple agus gurbh ionann iad agus státchabhair.

**1.21** Níor ghlac an Stát le bonn dlíthiúil chinneadh an Choimisiúin agus chuir iarratas ar neamhniú isteach chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh i mí na Samhna 2016. Idir an dá linn, éilítear ar Éirinn suim mheasta na Státchabhrach líomhnaithe (ús san áireamh) a bhailiú ó Ghrúpa Apple. Tá sé beartaithe go gcuirfear an tsuim a bhaileofar ó Apple i gcuntas eascró le fanacht ar thoradh na n-imeachtaí dlíthiúla.

1 Alt 7, an tAcht Árachais (Leasú), 2011

## Iarscríbhinn 1A Iasachtaí agus airleacain, 2012 go 2016

| | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 3,848 | 3,982 | 3,704 | 3,145 | 2,424 |
| Glanghluaiseacht sa bhliain | 134 | (278) | (559) | (721) | (392) |
| **Iarmhéid deiridh** | **3,982** | **3,704** | **3,145** | **2,424** | **2,032** |
| **Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann** | | | | | |
| Glanghluaiseacht sa bhliain | — | — | — | — | 85 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **85** |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 720 | 730 | 715 | 677 | 599 |
| Aisíocaíochtaí | (720) | (730) | (715) | (677) | (599) |
| Iasachtaí a eisíodh | 730 | 715 | 677 | 599 | 770 |
| **Iarmhéid deiridh** | **730** | **715** | **677** | **599** | **770** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 55 | — | 15 | — | — |
| Aisíocaíochtaí | (355) | (285) | (4,015) | (4,365) | (1,370) |
| Airleacain | 300 | 300 | 4,000 | 4,365 | 1,370 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **15** | **—** | **—** | **—** |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 280 | 735 | 933 | 833 | 812 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | (100) | (100) | (106) |
| Iasachtaí a eisíodh | 455 | 198 | — | 79 | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **735** | **933** | **833** | **812** | **706** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta an AE leis an nGréig** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 346 | 346 | 346 | 346 | 346 |
| Aisíocaíochtaí | — | — | — | — | — |
| Iasachtaí a eisíodh | — | — | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **346** | **346** | **346** | **346** | **346** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 32 | 30 | 178 | 273 | 177 |
| Aisíocaíochtaí | (2) | (83) | (157) | (260) | (68) |
| Iasachtaí a eisíodh | — | 231 | 252 | 164 | 180 |
| **Iarmhéid deiridh** | **30** | **178** | **273** | **177** | **193**[a] |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2012 go 2016

Nóta: a Comhshódh iasacht €96 milliún d'Uisce Éireann ina ranníocaíocht chaipitil in 2016. Idirbheart 'neamhairgid' a bhí sa tiontú sin ach tá méid na n-iasachtaí amuigh laghdaithe €96 milliún amhail ag deireadh 2016 dá bharr.